# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2008**

# EALAÍN

Gréaschóiriú

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 8 Bealtaine** **Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé Máirt, 29 Aibréan**

**Treoracha**

Ceadaítear bileog **amháin** A2 de sceitsí ullmhúcháin a thabhairt isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Ní cheadaítear** duit aon **áis amhairc** sa bhreis (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe nó obair ealaíne réamhullmhaithe) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair orgánacha meatacha a úsáid.

Ceadaítear úsáid a bhaint as pé meáin ealaíne agus uirlisí is gá chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)** **(0 marc)**

Do chuid **taighde** is cóir a bheith ar an mbileog A2 seo de sceitsí ullmhúcháin agus is cóir duit iad sin a dhéanamh le linn na seachtaine roimh an scrúdú. Is féidir rogha a bheith anseo de na léirthuiscintí a bhaineann tusa go pearsanta as an gceist a roghnaigh tú, agus smaointe faoin gceist a ndearna tú taighde orthu. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna a gearradh amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór obair dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a fhorbairt.** Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú. Ní mór duit oibriú **go díreach** ar do bhileog A2 agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, agus iad daite más mian leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanann tú. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Cuirtear an moladh dearaidh deireanach i gcrích le linn an scrúdaithe. Is cóir eolas ar bith a chur isteach a mheasann tú atá riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, agus tagairt shonrach a dhéanamh do ghnéithe amhairc, do ghnéithe feidhmiúla agus do ghnéithe ábhartha do rogha ceist, in áit aird a dhíriú go hiomlán ar phíosa ealaíne, a bhfuil bailchríoch den scoth air, a tháirgeadh.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas:***

An bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**

An bhileog A2 de **Réamhsceitsí**

An **Moladh Dearaidh Deireanach**

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Bhí boladh fhioghuail fós ar an aer nuair a shroich mé an Veinéis trí lá i ndiaidh na tine. Mar a tharla, ba chomhtharlú ar fad gur ag an am sin a tháinig mé. Bhí beartaithe agam, na míonna roimhe sin, teacht chun na Veinéise ar feadh roinnt seachtainí sa seachshéasúr d'fhonn taitneamh a bhaint as an gcathair gan bhrú ó thurasóirí eile.

"Dá mbeadh gaoth ann oíche Dé Luain," a dúirt tiománaí an tacsaí uisce liom agus muid ag teacht anall an mhurlach ón aerfort, "ní bheadh Veinéis ar bith ann le cuairt a thabhairt uirthi" …

Bhíomar i dtús mhí Feabhra, i lár an tsámhnais shuaimhnigh a thagann ar an Veinéis gach bliain idir Lá Coille agus an Carnabhal. Bhí na turasóirí imithe, agus ina n-éagmais bhí an Veinéis ina gcónaídís geall le bheith dúnta síos. Bhí forsheomraí na n-óstán agus na siopaí cuimhneachán beagnach folamh. Bhí gondalaí ina stad, iad ceangailte de phollaí agus clúdaithe le tarpól gorm. Bhí cóipeanna den *International Herald Tribune* gan cheannach ar racaí na seastán nuachta ar feadh an lae, agus d'fhág colúir na ceannóga ganna i gCearnóg Naomh Marc chun grabhróga a chuardach in áiteanna eile sa chathair.

Idir an dá linn, bhí an Veinéis eile, an ceann ina gcónaíonn muintir na Veinéise, chomh gnóthach agus a bhí riamh – na siopaí áitiúla, na seastáin ghlasraí, na margaí éisc, na beáir fhíona. Ar feadh na seachtainí gearra seo, bhí an Veinéis ag na Veinéisigh dóibh féin …

Tharla sé tráthnóna Dé Luain, 29 Eanáir 1996.

Bhí Signor Seguso ag fanacht go foighneach ag an mbord. Bhí sé sé bliana agus ochtó d'aois, é ard tanaí, agus staidiúir dhíreach aige. Chuir frainse de ghruaig scáinte bhán agus malaí dosacha i gcosúlacht é le draoi cineálta agus é lán d'iontas. Bhí aghaidh bheoga agus súile lonracha aige a chuir draíocht ar dhuine ar bith a bhuail leis. Dá dtarlódh duit bheith ina láthair ar feadh achar ar bith, áfach, tharraingeofaí do shúile sa deireadh go dtí a lámha.

Lámha móra matánacha a bhí iontu, lámha an cheardaí ar éiligh a chuid oibre neart fisiceach. Ar feadh cúig bliana agus seachtó, sheasadh Signor Seguso os comhair foirnéis dhearg the in oibreacha gloine – deich n-uaire, dhá uair déag, ocht n-uaire déag sa lá – é ag breith ar phíobán trom cruach ina lámha, á chasadh chun nach silfeadh an daba de ghloine leáite a bhí ag an bhfoirceann eile go dtí taobh amháin nó taobh eile, ag stopadh chun séideadh isteach ann leis an ngloine a shéideadh suas, ansin á leagan thar an mbinse oibre, á chasadh i gcónaí lena lámh chlé le linn dó a bheith á tharraingt le tlú ina lámh dheas, ag baint liomóige aisti, agus ag mealladh na gloine isteach i gcruth vásaí, babhlaí, agus corn maorga.

Ba dhéantóirí gloine iad na fir i dteaghlach Seguso ón gceathrú haois déag. Ba é Archimede an t-aonú glúin agus fiche agus duine den chuid ab fhearr ar fad. Bhí sé in ann píosaí troma a dhealbhú as gloine sholadach agus vásaí chomh tanaí agus chomh lag sin a shéideadh gur ar éigean a d'fhéadfaí teagmháil leo. Ba é an chéad déantóir gloine riamh é a chonaic a chuid oibre faoi ghradam i bPálás an Doge i gCearnóg Naomh Marc. Dhíol Tiffany a chuid píosaí ina siopa ar Fifth Avenue.

Bhí Archimede Seguso ag déanamh gloine ó bhí sé aon bhliain déag d'aois agus faoin uair a bhí sé fiche, bhí an leasainm 'Mago del Fuoco' (Draoi na Tine) tuillte aige. …

Bhí fuinneog an tseomra teaghlaigh ag breathnú amach thar chanáil bheag ar chúl Theach Opera Fenice, tríocha troigh ón láthair. Ag éirí aníos os a chionn, thart ar chéad slat ar shiúl, bhí an chuma ar eite iontrála an Opera go raibh ceobhrán á clúdach …

Idir an tine agus teach mhuintir Seguso bhí tranglam d'fhoirgnimh arbh iad an Fenice iad. An chuid a bhí trí thine ab fhaide ar siúl, an eite shnoite nuachlasaiceach iontrála lena cuid seomraí fáiltithe foirmiúla, ar ar tugadh i dteannta a chéile na seomraí Apallónacha. Ina dhiaidh sin príomhchabhail na hamharclainne lena halla rocócó saothraithe, agus faoi dheireadh an ceantar ollmhór ar chúl an ardáin. Ag spré amach ar dhá thaobh an halla agus ó chúl an stáitse bhí bailiúchán d'fhoirgnimh níos lú a bhí comhcheangailte ar nós an fhoirgnimh ina raibh an cheardlann radharcra díreach trasna na canáile caoile ó Signor Seguso.

Sliocht as *The City of Falling Angels* le John Berendt.

## Sliocht B

B'aisteach an turas é go dtí an Ataturk. Bíonn na radhairc agus na fuaimeanna mórán mar an gcéanna ar an mbealach go dtí gach cluiche Eorpach, . . Ach bhí sé seo aisteach. Dé bhrí gur thóg na Turcaigh an staid seo i bhfad ó áit ar bith ní raibh ann ach ciúnas, go dtí gur luigh ár gcuid súl ar ár lucht leanúna féin gar don staid. Níor bhac orthu an cluiche ceannais a bheith á imirt na mílte ó áit ar bith. Dá sroichfeadh Learpholl cluiche ceannais ar an ngealach, d'éireodh lenár móidíní iontacha dul ann. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar na tacadóirí uile ag plódú go dtí an Ataturk, ag siúl trasna na bpáirceanna, ar an ngualainn chrua, i lár an bhóthair. Ba chosúil an radharc le hoilithreacht agus 40,000 adhraitheoir i mbun siúlóide go dtí ardeaglais chruach. Chroith lucht leanúna Liverpool lámh chugainn, bhuail siad ar thaobh an bhus. "Ciallaíonn sé seo chuile rud don lucht leanúna," a bhéic mé síos an bus. "Ní féidir linn loiceadh orthu." …

Ní dúirt Rafa linn cé bheadh ar an bhfoireann, agus mar sin bhí ár seomra gléasta croite le teannas. Thart ar uair an chloig sular thosaigh an cluiche, d'iarr sé ciúnas faoi dheireadh agus léigh amach an t-aon duine dhéag a thosódh …

Ní raibh strus ar bith ar Rafa. Níor thug an bas treoracha riamh ar an nóiméad deiridh. "Coinnigh go dlúth é," a dúirt sé. "Ná déan botún ar bith. Socraímis síos agus déanaimis iarracht ár gcluiche féin a imirt."

Bhí an uair tagtha. Shiúil mé roimh na himreoirí isteach sa tollán, rinneamar líne agus chlaon mé mo cheann le Maldini. Shiúil Shevchenko go mall chugam agus chroith lámh liom amhail is gur mise an cara ab fhaide a bhí aige. …

Sheas mé amach i Staid Ataturk, ag siúl i dtreo mo dháin. Ba é seo é. Rug mé ar lámh na sonóige. Chuir amhrán Chluiche Ceannais na Seaimpíní mo chroí ag bualadh níos tapa fós. Tuilleadh lámha le croitheadh, tuilleadh den foirmiúlacht. Thug mé sracfhéachaint ar an lucht leanúna, ag lorg aghaidheanna cairdiúla, le haghaidh athdhearbhaithe sular thosaigh an cath le Milano. Agus ansin an meall. Bhailigh gach duine thart, a lámha timpeall ar a chéile, nasctha le chéile ar son an bháis nó na glóire. Bhodhródh torann lucht leanúna Learphoill thú, agus mar sin tharraing mé na himreoirí níos dlúithe fiú isteach sa mheall le go gcloisfidís mé. Thuig daoine ar nós Carra an tábhacht a bhain leis an gcluiche ceannais do gach duine i Learpholl. Na blianta feithimh. An frustrachas a bhain le clubanna eile a fheiceáil i gceannas. Chaithfinn an teachtaireacht seo a chur i gcion ar na buachaillí eachtrannacha. Bhí mé ag smaoineamh ar an óráid seo ar feadh na seachtaine, faoi conas na focail chearta a aimsiú, agus scinn siad go léir amach.

"Is muidne Learpholl," a dúirt mé leo, "agus tá an ceart ag Learpholl a bheith i gcluiche ceannais Chorn na hEorpa. Níl le déanamh ach breathnú ar ár lucht leanúna. Éistigí leo. Féachaigí an méid a chiallaíonn sé seo dóibh. Is é an domhan dóibh é. …"

Sliocht as *My Autobiography*, le Steven Gerrard.

## Sliocht C

Is í aeráid the an tí gloine a bhíonn sa Cote d'Azur, a bheathaíonn ar feadh na bliana go léir beagnach na taispeántais de bhláthanna le dathanna trópaiceacha, a chothaíonn tionscal cumhráin Grasse. Cuachann boladh trom láidir bhlátha an oráiste, na *pittosporum*, na rósanna, an labhandair, an seasmaine agus an mhíomóis thart timpeall ort mar a bheadh síoda feadh an chósta, go mór mór oíche mheirbh, agus leis na cianta rinne daoine iarracht an boladh mealltach sin a cheapadh i mbuidéal. San am a caitheadh, leagadh déantóirí cumhráin na bláthanna aghaidh faoi ar thráidire a bhí smeartha le blonag, agus ansin shúigh siad an t-úscra as in alcól; sa lá atá inniu ann déantar na cumhráin a chomhdhlúthú i stileanna ollmhóra copair. Ní choinnítear ach an bhláthola agus caitear amach an t-uisce – seachas an rósuisce agus uisce an oráiste a chuirtear i gcácaí taosráin atá cumhraithe go fíneálta.

Is gá 10,000 bláth chun 2.2 punt de pheitil seasmaine a dhéanamh agus beagnach tonna amháin peiteal chun cárt go leith den úscra a dhriogadh; cuidíonn sé sin chun an costas ollmhór a bhaineann le cumhrán a mhíniú, agus a bpraghas i gcomhréir leis an úscra atá sa chumasc deiridh.

I bPáras agus ar imeall Grasse cumascann *nez*, nó "srón", gairmiúil na cumhráin. Bíonn orthu thart ar 5000 cumhrán a idirdhealú ó chéile agus a bheith in ann 3,000 díobh a bhrath. Tá ainmneacha na dtithe *couturier* ar na táirgí sin, Chanel agus Dior mar shampla, agus na dtithe cumhráin mar Guerlain.

Sliocht as *Provence and the Cote d'Azur* 6ú hEagrán, Fodor's Travel Publications.

**Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas:**

## 1. Litreoireacht agus Peannaireacht

Iarrtar ort dearadh a dhéanamh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Póstaer a fhógraíonn laethanta saoire sa Veinéis bunaithe ar Shliocht A.

(b) Comhartha a thugann treoracha go dtí Staid Ataturk, le suí ar an mbóthar mar atá luaite i Sliocht B.

(c) Píosa peannaireachta a léiríonn atmaisféar Shliocht C.

Is féidir leat úsáid a bhaint as íomhánna agus móitífeanna maisithe. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 2. Líonóilghearradh agus Priontáil

Déan dearadh do phrionta líonóile bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) Prionta líonóile bunaithe ar an líne "tranglam d'fhoirgnimh" i Sliocht A.

(b) Léaráid don chlúdach ar chlár an chluiche bunaithe ar Shliocht B.

(c) Do rogha téama a bhaineann le haon cheann de na sleachta tuairisciúla.

Is cóir go mbeadh an dearadh oiriúnach do phrionta ar aon dath **nó** do phrionta a úsáideann suas le trí dhath. Cuir san áireamh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le líne, cruth, contrárthacht agus uigeacht. Is cóir an túsphointe a mhíniú.

## 3. Fabraicphriontáil agus Baitíc

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Brat balla a bheadh oiriúnach do theach Seguso, bunaithe ar na híomhánna a fheictear óna bhfuinneog. Sliocht A.

(b) Dear patrún a bhféadfaí é a úsáid mar chiumhais i seomra linbh, bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B.

(c) Dear patrún bláthach a d'fhéadfaí a úsáid mar fhabraic shamhraidh le haghaidh éadaí trá (sarong, hata gréine nó bicíní), bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Is cóir an dearadh a bheith oiriúnach do bhlocphriontáil, don scáthlánphriontáil, do bhaitíc nó do phriontáil stionsail. Bain úsáid as dhá dhath ar a laghad i do dhearadh. Is cóir an túsphointe a mhíniú.

## 4. Bróidnéireacht

Déan dearadh do bhróidnéireacht bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) Cúisín bróidnithe a bheadh oiriúnach mar shuíochán gondola, Sliocht A.

(b) Dealbhóireacht thríthoiseach bhog le húsáid mar an tSonóg Foirne i Sliocht B.

(c) Painéal bróidnithe bunaithe ar íomhánna ar bith i Sliocht C.

Is cóir eolas a thabhairt ar na hábhair a d'úsáidfeá chun do dhearadh a dhéanamh. Is cóir an túsphointe a mhíniú.

## 5. Fíodóireacht

Dear píosa fíodóireachta a bheadh oiriúnach do ruga urláir nó do bhrat balla.

Roghnaigh ceann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) "Tharraing an chathair anáil, ghéaraigh ar a cuisle. Bhí an Veinéis dóibh féin ag na Veinéisigh." Sliocht A.

(b) Na dathanna éagsúla agus an t-atmaisféar ag cluiche sacair Eorpaigh a spreagann Sliocht B.

(c) Do rogha téama a bhaineann le ceann ar bith de na sleachta tuairisciúla.

Is cóir sonraí na n-ábhar atá le húsáid i do dhearadh a lua. Is cóir an túsphointe a mhíniú.

## 6. Criadóireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal rilífe le suí ag an mbealach isteach sa mhonarcha ghloine atá luaite i Sliocht A.

(b) Dealbhóireacht saorsheasaimh ar féidir í a úsáid mar thrófaí ag cluiche ceannais an choirn. Sliocht B.

(d) Vása le haghaidh bláthanna a choinneáil a spreagann Sliocht C.

Luaigh sonraí na dteicníochtaí atá le húsáid chun an píosa a dhéanamh. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 7. Puipéadacht

Dear puipéad feistithe bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) Draoi Tine, "Mago del Fuoco" – Sliocht A.

(b) Móidín Sacair – Sliocht B.

(c) An Nez nó "An tSrón" – Sliocht C.

Is féidir an dearadh a dhéanamh do phuipéad lámhainne, do phuipéad slaite nó do phuipéad téide. Is cóir a thaispeáint cén chaoi a ndéanfar an puipéad, agus sonraí maidir le hábhair, dath, maisiú agus bailchríoch a lua. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 8. Leabharcheardaíocht

Dear clúdach leabhair nó fillteán bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas as na sleachta tuairisciúla:

(a) Fillteán chun do bhailiúchán grianghraf ó do thuras ar an Veinéis le deireanas a choinneáil. Sliocht A.

(b) Fillteán chun cláir éagsúla agus ticéid chluichí sacair a choinneáil. Sliocht B.

(c) Clúdach leabhair do leabhar dar teideal "Bláthanna" **nó**

do leabhar cócaireachta dar teideal "Taosráin Chumhraithe". Sliocht C".

Is féidir cruth ar bith a bheith ar do dhearadh agus is cóir a thaispeáint cén chaoi a bhfuil sé le cur i gcrích. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 9. Dearadh Fógraíochta

Dear ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Sainchomhartha grafach (lógó) d'óstán ar a dtugtar "An Veinéiseach" a spreagann Sliocht A.

(b) Póstaer mórscála a fhógraíonn an 'Carnabhal' agus úsáid á baint as íomhánna ón sliocht tuairisciúil is rogha leat. Is cóir oibriú de réir scála ar bhileog nach bhfuil níos mó ná A2.

(c) Dearadh do thaobhanna bhus na foirne a thugann foireann sacair go dtí cluiche ceannais tábhachtach.

(d) Bosca cumhráin ina bhfuil an cumhrán is déanaí ó cheann de na tithe cumhráin atá luaite i Sliocht C.

Ní mór litreoireacht a úsáid. Is cóir duit do thúsphointe a mhíniú.

## 10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Dealbhóireacht saorsheasaimh bunaithe ar íomhánna na bpíosaí gloine a rinne Signor Seguso i Sliocht A.

(b) Plaic bhalla le cur ag an mbealach isteach i staid sacair de do rogha.

(c) Buidéal cumhráin le claibín maisithe bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Is cóir go léireodh do dhearadh sonraí maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí a bheadh le húsáid chun an saothar a chur i gcrích. Is cóir do thúsphointe a mhíniú.

## 11. Seiteanna Stáitse

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Flóta nó taispeántas 3-thoiseach a bheadh ag gluaiseacht, le húsáid i gCarnabhal na Veinéise bunaithe ar na híomhánna i Sliocht A.

(b) Póidiam do lár páirc imeartha sacair le húsáid do shearmanas bronnta na mbonn i gcomórtas mór ar bith.

(c) Seit stáitse do chlár garraíodóireachta teilifíse dar teideal "Gairdíní Cumhra" bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Tabhair sonraí i dtaca le hábhair, dath agus soilsiú. Is cóir duit do thúsphointe a mhíniú.

Leathanach Bán